An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta

*The International Protection Appeals Tribunal*

# An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta

## Tuarascáil Bhliantúil 2023



**I. Réamhrá ón gCathaoirleach 6**

**1. Réamhrá 7**

**2. Maidir leis an mBinse 11**
2.1. Bunú agus Dlínse 11
2.2. Comhaltas an Bhinse 12
2.3. Liosta de Chomhaltaí an Bhinse 13

**3. Caighdeáin agus Cleachtais an Bhinse 14**
3.1. Ráiteas Straitéise an Bhinse 2021-2023 14
3.2. Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine 15
3.3. Nóta maidir le Cleachtas Riaracháin 16

**4. Caighdeán agus Comhsheasmhacht i ndáil le Cinnteoireacht 17**
4.1. Oiliúint an Bhinse 17
4.2. Cruinnithe Reachtúla an Bhinse 19
4.3. An Córas Iniúchta um Chaighdeán 20
4.4. Treoirlínte ón gCathaoirleach 20
4.5. Monatóireacht a Dhéanamh ar Athbhreithniú Breithiúnach 21

**II. Achoimre Fheidhmeach ón gCláraitheoir 24**

**5. An Cláraitheoir agus Riarachán an Bhinse 26**
5.1. Líon na mBall Foirne sa Bhinse 26
5.2. Forbairt agus Oiliúint Bhaill Foirne an Bhinse 27
5.3. Nuashonrú maidir le Nuachóiriú 27


**6. Tuarascáil Airgeadais 29**
6.1. Táillí a Íocadh le Comhaltaí Páirtaimseartha an Bhinse 30

**7. Staitisticí 2023 32**
7.1. Achoimre – Líon Cásanna an Bhinse 2023 32
7.2. Achoimre – Cineálacha Achomharc a Fuarthas in 2023 32
7.3. Gach Achomharc a Fuarthas sa bhliain 2023 33
7.4. Líon na nAchomharc atá Sceidealaithe don bhliain 2023 33
7.5. ‘Daoine nár tháinig i láthair’ agus Tarraingtí Siar/Tarraingtí Siar Measta 2023 34
7.6. Líon na gCur Siar agus na gCur ar Athráth 34

7.7. Líon Iomlán na gCinntí a Eisíodh in aghaidh na Míosa 36
7.8. Líon Iomlán na gCinntí a Eisíodh in 2023 36
7.9. Achoimre ar Achomhairc ar feitheamh ar an 31 Nollaig 2023 37
7.10. Fad an Phróisis Achomhairc 37
7.11. Achomhairc Shubstainteacha ar Chosaint Idirnáisiúnta ar Glacadh leo sa bhliain 2023 de réir na Tíre Tionscnaimh 38
7.12. Achomhairc ar Chosaint Idirnáisiúnta Nóis Imeachta Aonair 2023 (Toradh na nAchomharc) 39
7.13. Anailís ar Mholtaí i leith Chosaint Idirnáisiúnta Nóis Imeachta Aonair a Dearbhaíodh 2017 go 2023 39
7.14. Achoimre ar Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta ar Glacadh leo in 2023 de réir na Tíre Náisiúntachta – Dearbhaithe agus Curtha i Leataobh in 2023 40
7.15. Cinntí maidir le Rialachán Bhaile Átha Cliath III a Dearbhaíodh agus a Cuireadh i Leataobh in 2023 40
7.16. Anailís ar Chinntí maidir le Rialachán Bhaile Átha Cliath 2015 go 2023 41
7.17. Cinntí maidir le Neamh-inghlacthacht a Dearbhaíodh 41
7.18. Cinntí maidir le hAchomhairc iardain a Dearbhaíodh (a.22) 41

# Ráiteas Misin

Is é misean an Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta leigheas éifeachtach den chaighdeán is airde a chur ar fáil laistigh den chóras cosanta idirnáisiúnta agus é sin a chur ar fáil ar an mbealach is éifeachtúla, is inbhuanaithe agus is dírithe ar an úsáideoir, d'fhonn comhlíonadh an dlí náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta a chinntiú.





# Réamhrá ó Chathaoirleach an Bhinse, Hilkka Becker

Is cúis mhór áthais agus bróid dom an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Helen McEntee TD.


I gcaitheamh na bliana 2023 go léir, chuir An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta go mór leis an gcóras cosanta idirnáisiúnta anseo in Éirinn, d'fhonn go mbeadh an córas níos éifeachtúla agus d'fhonn a chinntiú go bhfuil sé comhdhéanta de chothroime agus de cheartas aiceanta, agus d'fhonn feidhm an iniúchta bhreithiúnaigh dá bhforáiltear in Airteagal 39 de Threoir 2005/85 a chur i gcrích.

Mar gheall ar bhearta nuachóirithe, arb é an beart is déanaí na chéad chomhaid achomharc um chosaint idirnáisiúnta atá go hiomlán digiteach, a tugadh isteach trí thionscnaimh ó fhoirne riaracháin an Bhinse faoi stiúir na gCláraitheoirí, Pat Murray, a d'éirigh as an mBinse i mí Márta na bliana 2023, agus ó shin i leith, George Sinclair, trínar cuireadh ar chumas an Bhinse a inrochtaineacht agus táirgiúlacht a mhéadú.

Mar thoradh ar mhéadú suntasach ar líon na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ón mbliain 2022 i leith, tá méadú suntasach breise tagtha ar líon na n-achomharc atá á ndéanamh chuig an mBinse sa bhliain 2023, agus méadú níos mó ná 300% i gceist ó 1,180 go 4,775 achomharc. Is cúis áthais dom a chur in iúl gur éirigh leis an mBinse cloí lena am airmheánach faoi bhun sé mhí chun próiseáil a dhéanamh sa bhliain 2023. Mar sin féin, cé go raibh an Binse in ann a aschur a mhéadú trí na hacmhainní a bhí i bhfeidhm don bhliain agus díreach os cionn 1,700 achomharc a thabhairt chun críche, bhí 3,908 achomharc sa líon cásanna ar feitheamh ag deireadh na bliana.

Táim buíoch as ucht iarrachtaí na Roinne Dlí agus Cirt líon bhaill foirne riaracháin an Bhinse agus líon Chomhaltaí an Bhinse a mhéadú go coibhéis atá comhréireach le líon na mball foirne agus na gcinnteoirí san Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta. Tá sé sin, mar aon le hiarrachtaí an Bhinse féin a éifeachtúlacht a mhéadú tuilleadh, bunriachtanach le go mbeadh an Binse in ann freastal ar an éileamh atá ag eascairt as an méadú breise ar achomhairc atá tuartha don bhliain 2024, le linn don Bhinse a dhícheall a dhéanamh cloí lena chaighdeán maidir le cinnteoireacht ardchaighdeáin i gcomhréir le ceanglais dlí náisiúnta agus an AE.

Gabhaim buíochas le mo chomhghleacaithe ar fad sa Bhinse, le comhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt, san Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta, san earnáil gníomhaireachtaí stáit agus i ngairm an dlí as ucht a gcomhoibrithe agus tacaíochta i rith na bliana, agus táim ag tnúth le bliain ghnóthach amach romhainn.



**Hilkka Becker, Cathaoirleach an Bhinse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta**

# 1. Réamhrá

Sa bhliain 2023, bhí leibhéal gan fasach ann i gcónaí maidir le líon na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, agus 13,277 iarratas á ndéanamh chuig an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta, ar mar gheall air sin bhí líon cásanna 18,000 d'iarratais ar feitheamh i gceist i ndeireadh na bliana 2023. Cé nach bhfuil aon ealaín chruinn ag baint leis na hachomhairc is dócha a bheidh os comhair an Bhinse sa bhliain 2024 a mheas, agus ar ndóigh beidh sé sin ag brath ar líon na moltaí agus cinntí a dhéanann Oifigigh um Chosaint Idirnáisiúnta, is é is dóichí go dtiocfaidh méadú suntasach ar líon cásanna ar feitheamh an Bhinse i gcaitheamh na bliana atá amach romhainn.

Is follas dúinn go bhfuil an treocht seo, mar ab amhlaidh an cás anuraidh, ina léiriú ar chúrsaí ar fud thíortha an AE+, áit a ndearnadh thart ar 1.14 milliún iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, agus áit ar baineadh an líon is airde amach le seacht mbliana anuas agus arb ionann é agus méadú breise 18 % le hais na bliana 2022. Sa bhliain 2023, tháinig méadú níos mó ná 300% ar líon na n-achomharc a cuireadh chuig an mBinse, ó 1,180 go 4,775. Cé gur tháinig méadú 8% ar líon na n-achomharc a cuireadh i gcrích ó 1,571 go 1,701, b'ionann líon na gcásanna ar feitheamh i ndeireadh na bliana agus 3,908. Táthar ag súil go leanfar den mhéadú suntasach seo in achomhairc chuig an mBinse i rith na bliana 2024 agus ina diaidh sin. Mar sin, tá sé riachtanach don Bhinse, mar chomhlacht achomhairc céadchéime ar a leagtar de chúram leigheas éifeachtach a chur ar fáil dóibh sin a fhéachann le cinntí riaracháin maidir lena n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta (agus ábhair ghaolmhara áirithe) a cheistiú, go gcuirfí acmhainní leordhóthanacha ar fáil dó lena chinntiú go bhfuil sé ullamh chun déileáil leis na hachomhairc sin go gasta agus i gcomhréir le cothroime agus ceartas aiceanta.

Tá an Binse dúthrachtach i gcónaí cloí lena spriocanna i leith tréimhsí níos lú ná sé mhí chun achomhairc a phróiseáil. Is cúis áthais dúinn a thuairisciú gurbh ionann an tréimhse próiseála airmheánach maidir leis na cinntí ar fad a eisíodh sa bhliain 2023 ón dáta 'Glacadh leis an Achomharc' go dtí an dáta 'Cinneadh maidir leis an Achomharc' agus 5.5 mhí, agus bhí sé sin níos ísle fós i gcás na n-achomharc ar glacadh leo agus an ndearnadh cinneadh ina dtaobh sa bhliain 2023.

Is ó chian agus trí bhíthin teicneolaíochta closamhairc a reáchtáladh formhór na n-éisteachtaí a bhí os comhair an Bhinse sa bhliain 2023, ar chéim ríthábhachtach chun cinn é chun rochtain ar an leigheas dlí a chuireann an Binse ar fáil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus oibleagáidí na hÉireann faoi dhlí an AE a fheabhsú.

Mar sin féin, mar a tharla anuraidh, thaifead an Binse fós go raibh go leor éisteachtaí á gcur siar. Féadann siad seo tarlú mar gheall ar chúiseanna éagsúla. I bhformhór na gcásanna, ceadaíodh an cur siar arna iarraidh sin ag an achomharcóir nó ag a ionadaí dlíthiúil ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear cosc a bheith á chur

ar an achomharcóir páirt a ghlacadh in éisteacht closamhairc mar gheall ar shaincheisteanna teicniúla, am breise a bheith de dhíth ar an ionadaí dlíthiúil chun ullmhú don éisteacht nó chun doiciméid ábhartha a fháil, nó i gcásanna nach raibh an t-ionadaí dlíthiúil ar fáil ar an dáta a sceidealaíodh. Leanfaidh an Binse d'oibriú lena pháirtithe leasmhara chun líon na gcur siar a laghdú d'fhonn éifeachtúlacht a mhéadú tuilleadh maidir lena shainordú a chomhlíonadh. Ina theannta sin, mar iarracht chun leibhéil na gcur siar a laghdú, tá sé beartaithe i gcás gur ghá éisteacht a chur siar mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla an chéad uair, go ndéanfar an éisteacht a chur siar agus í a athsceidealú mar éisteacht ar an láthair in áitreabh an Bhinse an chéad uair eile.

D'fhonn sineirgí an Bhinse a oibriú agus a láidriú ar fud an éiceachórais cosanta idirnáisiúnta, glacann Cathaoirleach an Bhinse, Leaschathaoirligh, Cláraitheoir an Bhinse agus comhaltaí fhoireann riaracháin an Bhinse páirt i rannpháirteachas le páirtithe leasmhara go rialta d'fhonn, go háirithe, na seirbhísí a chuireann an Binse ar fáil a fheabhsú tuilleadh. Áirítear leis sin rannpháirtíocht ar bhonn rialta le Grúpa Úsáideoirí an Bhinse, atá comhdhéanta de bheirt abhcóidí atá ainmnithe ag Comhairle Bharra na hÉireann agus beirt aturnaetha atá ainmnithe ag Dlí-Chumann na hÉireann.

Chomh maith leis sin, glacann an Binse ról gníomhach i gcomhoibriú le páirtithe leasmhara i ndáil le Clár Nuachóirithe na hOifige um Chosaint Idirnáisiúnta, trína chuid oibre i nGrúpa Oibre Ilréimsiúil na Roinne Dlí agus Cirt maidir leis an gComhaontú um Thearmann agus Imirce, agus trí pháirt a ghlacadh i gcruinnithe de chuid Ghníomhaireachtaí na hEarnála Ceartais, mar aon le rannpháirtíocht dhíreach leis an Roinn Dlí agus Cirt, le gníomhaireachtaí eile de chuid an Stáit, le Grúpa Úsáideoirí an Bhinse, le gairm an dlí i gcoitinne, leis an saol acadúil agus leis na hearnálacha EIR agus ENR.

Lena chois sin, tá Cathaoirleach an Bhinse, an Leaschathaoirleach agus Comhaltaí an Bhinse páirteach go gníomhach i líonraí cúirteanna agus binsí idirnáisiúnta agus AE, ar nós Chumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna um Dhídeanaithe agus Imirce (IARMJ) agus díorma saineolaithe breithiúnacha Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (GAET), agus rannchuidiú suntasach á dhéanamh i gceardlanna maidir le forbairt ghairmiúil agus i bpainéil saineolaithe arna n-eagrú ag an nGníomhaireacht. Gníomhaíonn Cathaoirleach an Bhinse mar phointe teagmhála náisiúnta don Líonra Cúirteanna agus Binsí GAET ó na tíortha AE+ ar fad, agus do na páirtithe leasmhara barrthábhachtacha seo a leanas: Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, cumainn bhreithiúnacha Idirnáisiúnta agus Eorpacha: an IARMJ agus an Cumann Breithiúna Riaracháin Eorpacha, páirtithe leasmhara eile, ar nós an Ghréasáin Eorpaigh um Oiliúint Bhreithiúnach, Acadamh an Dlí Eorpaigh, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, agus Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe.





Cóipcheart @Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann

Tá Cláraitheoir an Bhinse páirteach ar bhonn gníomhach sa tionscnamh Ardán Chlárlanna GAET agus tugadh cuireadh dó páirt a ghlacadh ar Choiste Stiúrtha an Ardáin atá le tús a chur lena chuid oibre i dtús na bliana 2024.

## Struchtúr na Tuarascála Bliantúla

Bunaithe ar an intreoir thuas, leagfar amach sa tuarascáil seo bunú, dlínse agus comhaltas an Bhinse i gCuid 2, tabharfar forléargas ar chaighdeáin agus chleachtais an Bhinse i gCuid 3 agus leagfar amach gníomhartha ar tugadh fúthu chun ardchaighdeán agus comhsheasmhacht a chinntiú i ndáil le cinnteoireacht i gCuid 4. Athraítear príomhchúram na tuarascála ina dhiaidh sin i dtreo riarachán an Bhinse, ag tosú le hachoimre fheidhmeach arna cur ar fáil ag Cláraitheoir an Bhinse, agus leagtar amach ann líon foirne an Bhinse, forbairt agus oiliúint na foirne mar aon le bearta nuachóirithe ar thug an Binse fúthu i gCuid 5. Cuirtear tuarascáil airgeadais an Bhinse don bhliain 2023 ar fáil i gCuid 6 den tuarascáil agus cuirtear forléargas staitistiúil mionsonraithe ar fáil maidir le hobair an Bhinse sa chuid deiridh, Cuid 7.

## Sracfhéachaint ar an mBinse:



# 2. Maidir leis an mBinse

## 2.1. Bunú agus Dlínse

I gCuid 10 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 ('Acht 2015' ina dhiaidh seo) foráladh do bhunú an Bhinse mar chomhlacht achomhairc chun leigheas éifeachtach a chur ar fáil d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i dtaca le moltaí diúltacha ó oifigigh um chosaint idirnáisiúnta. Leagtar amach feidhmeanna chomhaltaí agus bhaill foirne an Bhinse i gCuid 10 d'Acht 2015 freisin.

Leagtar amach in Acht 2015, go háirithe i gCodanna 2, 3 (arna leasú), 4 agus 6, na rialacha dlíthiúla éagsúla ina bhfeidhmíonn an Binse nuair atá sé i mbun déileáil leis na hachomhairc is mó atá faoina chúram. Forlíonadh na rialacha dlíthiúla seo le Rialacháin Chóras Bhaile Átha Cliath 2018 i ndáil le hachomhairc a bhaineann le horduithe um aistriú arna ndéanamh ag oifigeach um chosaint idirnáisiúnta faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III.

Chomh maith leis sin, cuireadh le sainordú dlínsiúil an Bhinse trí Rialacháin um Choinníollacha Glactha 2018, ar faoi sin atá an Binse ina údarás breithiúnach chun cinneadh a dhéanamh ar achomhairc a dhéanann oifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt, ón Roinn Coimirce Sóisialaí, nó ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, de réir mar a bheidh.



Tríd is tríd, is é sainordú reachtach an Bhinse i láthair na huaire ná cinneadh a dhéanamh ar achomhairc ó chinntí céadchéime i ndáil le:

- Cosaint idirnáisiúnta – stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach;
- Neamh-inghlacthacht iarratais ar chosaint idirnáisiúnta;
- Toiliú chun iarratas iardain a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta;
- Orduithe um aistriú faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III; agus
- Coinníollacha glactha sa phróiseas um chosaint idirnáisiúnta, lena n-áirítear rochtain ar mhargadh an tsaothair.

## 2.2. Comhaltas an Bhinse

In 2023, bhí Comhaltas an Bhinse comhdhéanta de:

- an Cathaoirleach, Hilkka Becker,
- beirt Leas-Chathaoirligh, Cindy Carroll agus Shauna Gillan,

na Comhaltaí lánaimseartha, agus na Comhaltaí páirtaimseartha atá sa liosta thíos. Tá na Comhaltaí lánaimseartha agus páirtaimseartha fostaithe ar chonarthaí le haghaidh seirbhísí don Aire Dlí agus Cirt, ach tá an Cathaoirleach agus na Leas-Chathaoirligh fostaithe ar chonarthaí seirbhíse. Déantar Comhaltaí ar fad an Bhinse a cheapadh ar dtús ar feadh téarma cúig bliana.

Déanann Gnáth-Chomhaltaí an Bhinse achomhairc a bhreithniú agus cinntí a dhéanamh i ndáil leis na ceisteanna éagsúla a thagann os comhair an Bhinse. Is abhcóidí nó aturnaetha na Comhaltaí ar fad a bhfuil cúig bliana de thaithí ghairmiúil acu ar a laghad agus atá ceaptha ag an Aire bunaithe ar roghnú na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, i ndiaidh comórtas a reáchtáil faoi alt 47 de na hAchtanna um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin). Is leis an bpróiseas seo a chinntítear go bhfuil na scileanna agus taithí ag na Comhaltaí atá riachtanach i ndáil le cosaint idirnáisiúnta agus an dlí um chearta an duine, agus i ndáil le cinnteoireacht. Ar a bharr sin, cuirtear ar chumas an triúr comhaltaí lánaimseartha díriú ar chinnteoireacht ar bhonn lánaimseartha.

Cuirtear oiliúint ionduchtaithe fhairsing ar na Comhaltaí ar fad nuair a cheaptar iad ar dtús agus tugann siad ar fad faoi oiliúint ar bhonn rialta gach aon bhliain de réir mar a leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe thíos sa tuarascáil seo.

Leagtar de chúram ar Chathaoirleach an Bhinse a chinntiú go gcuirtear feidhmeanna an Bhinse i gcrích go héifeachtúil agus go ndéantar an gnó a shanntar do gach aon Chomhalta a chur de láimh chomh gasta agus is féidir de réir na cothroime agus an cheartais aiceanta.

Ar an 31 Nollag 2023, bhí Cathaoirleach, beirt Leas-Chathaoirleach, triúr Comhaltaí Binse lánaimseartha agus caoga is a seacht gComhalta páirtaimseartha ag an mBinse.

## 2.3 Liosta de Chomhaltaí an Bhinse


Chomh maith leis an gCathaoirleach agus beirt Leas-Chathaoirleach, bhí triúr Comhaltaí lánaimseartha agus seasca is a sé Chomhalta páirtaimseartha ag an mBinse le linn na bliana. D'éirigh naonúr as agus ceapadh fiche is a cúig Chomhalta páirtaimseartha nua.

| | | |
|---|---|---|
| John Buckley, B.L. (W/T) | Mary Forde, Aturnae | Aisling Mulligan, B.L. |
| Agnes McKenzie, B.L. (W/T) | Denis Halton, B.L. | Mark William Murphy, B.L. |
| Emma Toal, B.L. (W/T) | Matthew Holmes, B.L. | Helen Murray, B.L. |
| Ciara Bannerman, B.L. | Christopher Hughes, B.L. | John Noonan, B.L. |
| Niall Beirne, S.C | Maura Hutchinson, Aturnae | Cormac Ó Dúlacháin, S.C |
| Stephen Boggs, B.L. | Ciaran Joyce, B.L. | Zeldine O'Brien, B.L. |
| Maeve Boyle, B.L | Sarah Kearney, B.L. | Finbar O'Connor, Aturnae |
| Alan Brady, B.L. | Jacqueline Kelly, Aturnae | Patricia O'Connor, Aturnae |
| Simon Brady, B.L. | Paul Kerrigan, Aturnae | Bríd O'Flaherty, B.L. |
| Margaret Browne, B.L. | Michael Kinsley, B.L. | Michelle O'Gorman, B.L. |
| Eoin Byrne, B.L. | Folasade Bola Kuti-Olaniyi, Aturnae | Philip O'Leary, Aturnae |
| Mark Byrne, B.L. | Lorraine Lally, B.L. | Ger O'Donovan, B.L. |
| Allen Cansick, B.L. | Evelyn Larney, Aturnae | Patricia O'Sullivan Lacy, B.L. |
| Peter Cronin-Burbridge, B.L. | Alex Layden, B.L. | Lalita Pillay, B.L. |
| Siobhan Cullen, Aturnae | Kevin Lenahan, B.L | Michael Ramsey, B.L. |
| Brian Cusack, B.L. | Evelyn Leyden, Aturnae | Nicholas Russell, Aturnae |
| Arthur Cush, B.L. | Robert Lowe, B.L. | Andrew Sexton, S.C |
| Oluwafemi Daniyan, B.L. | Colin Lynch, Aturnae | Moira Shipsey, Aturnae |
| Sharon Dillon-Lyons, B.L. | Dermot Manning, B.L | Mairead Smith, B.L. |
| Steven Dixon, B.L. | Ciaran McCarthy, B.L. | Shaun Smyth, B.L. |
| Leonora Doyle, Aturnae | Michael McGrath, S.C | Majella Twomey, B.L. |
| Joe Durkan, Aturnae | Fiona McMorrow, B.L. | Ciaran White, B.L. |
| Miranda Egan-Langley, B.L. | Elizabeth Mitrow, Aturnae | Joanne Williams, B.L. |

# 3. Caighdeáin agus Cleachtais an Bhinse

## 3.1. Ráiteas Straitéise an Bhinse 2021-2023

Dá ráiteas straitéise an Bhinse don tréimhse 2021-2023 ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhinse https://www.protectionappeals.ie/




Don bhliain 2023, Misean an Bhinse i gcónaí ab ea leigheas éifeachtach den chaighdeán is airde a chur ar fáil laistigh den chóras cosanta idirnáisiúnta agus é sin a chur ar fáil ar an mbealach is éifeachtúla, is inbhuanaithe agus is dírithe ar úsáideoirí, d'fhonn comhlíonadh an dlí náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta a chinntiú. Agus i dtaca leis sin, dhírigh an Binse ar na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas ar feadh na bliana:

1. **Caighdeán agus comhsheasmhacht a chinntiú i ndáil le cinnteoireacht.**
2. **Éifeachtúlacht i ndáil le hachomhairc a phróiseáil a bharrfheabhsú.**
3. **Seirbhís achomhairc atá dírithe ar úsáideoirí a chur ar fáil.**
4. **Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le húsáideoirí na seirbhíse agus le páirtithe leasmhara eile.**
5. **Sineirgí an Bhinse a oibriú agus a láidriú ar fud an éiceachórais cosanta idirnáisiúnta.**




Cuireadh tús le hobair chun athbhreithniú a dhéanamh ar Straitéis an Bhinse in 2023 agus tá sé i mbun an Ráiteas Straitéis nua don tréimhse 2024-2026 a thabhairt chun críche.

## 3.2. Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Chuir na baill foirne ar fad oiliúint i gcrích maidir leis an Dualgas Earnála Poiblí atá orainn faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

Ina chéad Bhearta um Dhualgas na hEarnála Poiblí dá chuid in 2023, dhírigh an Binse ar shaincheist an chomhionannais deiseanna. Amach anseo, tá sé i gceist ag an mBinse díriú ar shaincheist an mhíchumais. Tá an Binse ar an eolas faoi na hoibleagáidí atá air faoin Acht fán gCoimisiún Eorpach um Chearta an Duine 2003 agus déanann sé a dhícheall cloí leis na hoibleagáidí atá air mar chomhlacht poiblí faoin Acht sin.

I mí Mheán Fómhair na bliana 2023, ghlac an Binse páirt i suirbhé a rinne taighdeoir le UNCHR maidir leis an tsaincheist maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí lena n-áirítear daoine de bhunadh na hAfraice.

## 3.3. Nóta maidir le Cleachtas Riaracháin

D'fhonn trédhearcacht obair an Bhinse a mhéadú agus é a bheith níos inrochtana ag a cuid custaiméirí, d'fhoilsigh an Binse Nóta maidir le Cleachtais Riaracháin atá ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhinse agus a nuashonraítear ar bhonn rialta chun léiriú a thabhairt ar athruithe ábhartha i ndáil le reachtaíocht agus cleachtas.

Foilsíodh an Nóta is déanaí maidir le Cleachtas Riaracháin (NCR) i mí Bealtaine 2023 agus comhairlítear d'achomharcóirí, dá n-ionadaithe dlíthiúla agus d'oifigigh láithrithe iad féin a choinneáil ar an eolas faoi aon athruithe, a luafar sa rannán 'Nuacht' de láithreán gréasáin an Bhinse. Tríd an NCR seo a leagan amach, tá an Binse ag súil go mbeadh na páirtithe ar fad a thagann os comhair an Bhinse ar an eolas faoina chuid nósanna imeachta. Ba chóir do na páirtithe ar fad a thagann os comhair an Bhinse a bheith ar an eolas go bhféadfadh moilleanna gan ghá a bheith i gceist maidir le hachomhairc a phróiseáil agus cinneadh a dhéanamh ina leith mura gcloítear le forálacha an NCR, agus go bhféadfaí a mheas nach bhfuiltear ag comhoibriú le brí alt 27 agus 45 d'Acht 2015. I gcomhréir le luachanna an Bhinse de réir mar atá leagtha amach ina Ráiteas Straitéise 2021-2023, tá an Binse dúthrachtach faoi chaitheamh leis na páirtithe ar fad a thagann os a chomhair le meas, dínit agus tuiscint. Bíonn an Binse ag súil leis na caighdeáin chéanna iompraíochta ó na páirtithe ar fad a thagann os a chomhair.

# 4. Caighdeán agus Comhsheasmhacht i ndáil le Cinnteoireacht

## 4.1. Oiliúint an Bhinse sa bhliain 2023

### Oiliúint sa Bhinse

Bíonn tábhacht lárnach ag baint le hoiliúint Chomhaltaí an Bhinse sa Bhinse i gcónaí agus níorbh aon eisceacht an bhliain 2023. Chomh maith leis an ngnáthoiliúint inmheánach a reáchtáiltear do Chomhaltaí, reáchtáladh oiliúint ionduchtaithe do Chomhaltaí nua, agus tá mionsonraí maidir leis na seisiúin oiliúna ar fad leagtha amach thíos.

Is go hinmheánach a chuirtear oiliúint ar fáil sa Bhinse agus bíonn deis ag Comhaltaí freisin leas a bhaint as oiliúint sheachtrach arna cur ar fáil ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (GAET). Is oiliúint thar a bheith iomchuí do Chomhaltaí an Bhinse an oiliúint a chuireann GAET ar fáil ós rud é gur oiliúint bhreithiúnach arna soláthar ag breithiúna agus comhaltaí binse atá i gceist. Is é fírinne an scéil go bhfuil deichniúr Comhaltaí den Bhinse ina gcomhaltaí de dhíorma saineolaithe breithiúnacha GAET a bhfuil ceardlanna forbartha gairmiúla curtha ar fáil acu do bhreithiúna agus comhaltaí binse ó Bhallstáit eile maidir le hábhair éagsúla. Chomh maith leis sin, tá triúr Comhaltaí Binse rannpháirteach in ábhair scríofa a leithdháiltear ar na cúirteanna agus binsí ar fad sna Ballstáit ina ndéileáiltear le cosaint idirnáisiúnta a ullmhú. Is mór an onóir don Bhinse é seo.
Mar aon le hoiliúint fhoirmiúil, cuirtear oiliúint neamhfhoirmiúil ar fáil sa Bhinse i riocht sheisiúin "Lón agus Foghlaim", agus meantóireacht. Le linn na seisiún seo, comhroinneann Comhaltaí comhairle agus noid phraiticiúla lena gcomhghleacaithe agus tugtar cuir i láthair maidir le hábhair scoite. Mar gheall ar ghealltanais oibre agus oiliúna eile, níor reáchtáladh an líon céanna de sheisiúin "Lón agus Foghlaim" in 2023 agus a reáchtálfaí mar ba ghnách, mar sin féin, is fíor gur chuir Comhaltaí páirtaimseartha aiseolas úsáideach ar fáil dá gcuid comhghleacaithe maidir le hamanna próiseála a fheabhsú.

Bhain na Comhaltaí Binse nua an-leas as an meantóireacht a fuair siad ó Chomhaltaí a bhfuil níos mó taithí acu. Is comhlacht coláisteach é an Binse agus chomhroinn na meantóirí léargais maidir leis an dea-chleachtas i ndáil le héisteachtaí ó bhéal agus cinntí i scríbhinn.

### Oiliúint Ionduchtaithe do Chomhaltaí Nua

I ndiaidh comórtas chun Comhaltaí Binse páirtaimseartha nua a earcú, d'fhreastail fiche is a haon chomhalta nuacheaptha ar an oiliúint ionduchtaithe a mhair ceithre lá. Ba é Hugo Storey, breitheamh ar scor ó Bhinse Uachtarach na Ríochta Aontaithe, a bhí i gceannas ar an oiliúint, agus chuir an Cathaoirleach Hilkka Becker

agus an Leas-Chathaoirleach Cindy Carroll modúil oiliúna i gcrích freisin. Rinne duine de na Comhaltaí Lánaimseartha cur i láthair maidir le comhaid a ullmhú agus ghlac na Comhaltaí Lánaimseartha eile páirt i ndíospóireacht phainéil.

Cuireadh oiliúint ionduchtaithe bhreise i gcrích i mí Mheán Fómhair/Dheireadh Fómhair do na Comhaltaí nua eile.

Chuir UNHCR leis an dá sheisiún d'Oiliúint Ionduchtaithe.

Éilítear ar Chomhaltaí ar fad an Bhinse freastal ar oiliúint ar bhonn rialta. In 2023, cuireadh an oiliúint éigeantach seo a leanas ar fáil:

### Lá Oiliúna 1

Reáchtáladh an lá oiliúna lár bliana éigeantach ar an 16 Meitheamh agus arís, ba é Hugo Storey, breitheamh ar scor ó Bhinse Uachtarach na Ríochta Aontaithe a bhí i gceannas air, agus a thug an Spreagaitheasc, "Are they coming for the Refugee Convention?" Le linn an lae ionduchtaithe seo, cuireadh oiliúint ar na Comhaltaí maidir le ceird na mbreithiúna, scríbhneoireacht cinntí agus achomhairc de bhun alt 43 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 maidir le hachomharcóirí ó thíortha a ainmníodh faoi alt 72 den Acht mar thír shábháilte thionscnaimh. Tháinig an oiliúint chun deiridh le cur i láthair le Christopher Costigan maidir le torthaí an Iniúchta Cáilíochta is déanaí.

### Lá Oiliúna 2

Reáchtáladh an dara cuid d'oiliúint éigeantach den bhliain Dé hAoine an 1 Nollaig. Téama an lae ab ea measúnú agus anailís a dhéanamh ar fhianaise. Thug Mark Tottenham, B.L. an Spreagaitheasc, ina ndearnadh iniúchadh ar ról an fhinné shaineolaigh i ndáil le héilimh ar chosaint idirnáisiúnta, agus béim á leagan ar COI agus tuarascálacha leighis.

Rinne beirt Chomhaltaí lánaimseartha, John Buckley agus Agnes McKenzie cur i láthair maidir leis an ábhar COI, foinsí COI agus measúnú a dhéanamh ar COI. Bhain siad leas as cur i láthair praiticiúil a d'ullmhaigh Elisabeth Ahmed den Lárionad Doiciméadachta Dídeanaithe sa Bhord um Chúnamh Dlíthiúil.

Rinne Comhalta páirtaimseartha an Bhinse Majella Twomey cur i láthair praiticiúil agus siamsúil maidir le Measúnú Creidiúnachta: Leideanna, uirlisí agus gaistí.

I ndiaidh na cruacheiste ag am lóin, inar díríodh ar chlaonadh, labhair Christopher Costigan, Oifigeach Riaracháin, agus Caroline Stephens ó UNHCR, leis na Comhaltaí maidir leis an Iniúchadh Cáilíochta is déanaí. Seasamh dearfach a bhí i gceist tríd is tríd, ach d'aithin na hathbhreithneoirí roinnt réimsí imní a dtabharfar aghaidh orthu le linn na bliana 2024.

### Oiliúint a cuireadh i gcrích sa bhliain 2023

- An Sainmhíniú ar Dhídeanaí;
- Forálacha den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015;
- Náisiúntacht / A bheith gan Stát;
- Fíorais ábhartha a aithint;
- Measúnú a dhéanamh ar chreidiúnacht;
- An bhrí atá le heagla a bhfuil bunús maith léi;
- Nasc coinbhinsiúin (cine, creideamh, náisiúntacht, tuairim pholaitiúil, ballraíocht i ngrúpa sóisialta ar leith);
- Caighdeán an chruthúnais;
- Géarleanúint;
- Dochar tromchúiseach;
- Measúnú a dhéanamh ar dhoiciméid, COI, tuarascálacha leighis;
- Cosaint stáit;
- Rogha um chosaint inmheánach;
- Eisiamh;
- Ceird na mbreithiúna;
- Comhaid a ullmhú;
- Déileáil le hiarratasóirí ó thíortha sábháilte tionscnaimh;
- Measúnú a dhéanamh ar fhianaise.

## 4.2 Cruinniú Reachtúil an Bhinse

D'fhreastail an Fhoireann Tacaíochta um Chinntí Achomhairc ó fhoireann riaracháin an Bhinse ar an gCruinniú Reachtúil in éineacht le Comhaltaí an Bhinse. Cuireadh trí cheist ar an bhFoireann agus ar Chomhaltaí an Bhinse: trí rud a raibh siad bródúil astu sa bhliain 2023, rud amháin a chuirfeadh le barr feabhais an Bhinse, agus moladh amháin a d'fhágfaí go mbeadh sé sin indéanta.

Is léir go bhfuil Comhaltaí an Bhinse bródúil as na cinntí a bhíonn á ndéanamh sa Bhinse agus gur mhol siad go hard an trédhearcacht a léirigh an Binse. Chomh maith leis sin, tá Comhaltaí an Bhinse agus an Fhoireann Riaracháin go léir den tuairim gurb é digitiú an uirlis is tábhachtaí chun cur ar chumas an Bhinse barr a acmhainne a bhaint amach. Cuirfear tuairimí Fhoireann na mball foirne agus Chomhaltaí an Bhinse san áireamh le linn an Ráiteas Straitéise nua don tréimhse 2024-2026 a chur i gcrích.

## 4.3 An Córas Iniúchta um Chaighdeán

Tá Córas Iniúchta um Chaighdeán i bhfeidhm sa Bhinse ón mbliain 2017. Déantar sampláil randamach agus córasach ar chinntí an Bhinse a chur i gcrích agus déantar cinntí a anaithnidiú sula ndéanann athbhreithneoirí inmheánacha agus seachtracha (UNHCR) araon iad a athbhreithniú. Déantar thart ar dheich faoin gcéad de chinntí an Bhinse a iniúchadh in aghaidh na bliana.

Tá sé mar aidhm leis an iniúchadh trasghearradh de chinntí an Bhinse a mheasúnú agus riachtanais oiliúna a aithint d'fhonn a chinntiú go ndéantar cinnteoireacht ardchaighdeáin a chur i gcrích i gcónaí. Chuaigh an Binse i mbun oibre leis an Aonad um Thaighde agus Anailísíocht Sonraí sa Roinn Dlí agus Cirt d'fhonn a chóras iniúchta a fheabhsú, agus sa bhliain 2022, seoladh tairseach athbhreithnithe ar líne, ar trí sin a ndearnadh cuíchóiriú ar an mbailiú sonraí. Rinneadh an chéad athbhreithniú iomlán agus úsáid á baint as an gcóras nua a chur i gcrích sa bhliain 2023 agus cuireadh na torthaí faoi bhráid Chomhaltaí an Bhinse le linn laethanta oiliúna i mí an Mheithimh agus mí na Nollag, agus comhroinneadh iad le hoifig an UNHCR in Éirinn.

## 4.4 Treoirlínte ón gCathaoirleach

Foilsíodh ***Treoirlíne ón gCathaoirleach Uimh. 2023/1 maidir le hAchomhairc arna Sannadh agus arna nAthshannadh ag an gCláraitheoir do Chomhaltaí an Bhinse*** i dtús na bliana 2023.

Eisíodh an Treoirlíne seo de bhun alt 63(3)(a) den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 ('Acht 2015' ina dhiaidh seo) chun cuidiú le Cláraitheoir an Bhinse a chuid feidhmeanna a chur i gcrích i ndáil le hachomhairc a shannadh agus a athshannadh do Chomhaltaí an Bhinse de bhun alt 67(2) nó (3) d'Acht 2015. Cuireadh é in áit 'Treoirlínte ón gCathaoirleach maidir le hAchomhairc arna Sannadh agus arna nAthshannadh ag an gCláraitheoir' a cuireadh i bhfeidhm an 8 Márta 2017.

Sa Treoirlíne nua, tugtar aird ar leith ar na ceanglais atá in I.R. Uimh. 230/2018 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Coinníollacha Glactha) 2018 lena gcuirtear Treoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ón 26 Meitheamh 2013 chun feidhme agus lena leagtar síos caighdeáin íosta maidir le glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (athmhúnlú) ('Rialacháin 2018' ina dhiaidh seo). Maidir leis sin, déantar foráil sa Treoirlíne go ndéanfar achomharcóirí a bhfuil a gcumas chun leas a bhaint as na cearta agus cloí leis na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Acht 2015 teoranta mar gheall ar chúinsí aonair, a mheas a bheith de dhíth ar ráthaíochtaí nóis imeachta speisialta. Dá bhrí sin, foráiltear sa Treoirlíne gur chóir achomhairc ó 'dhaoine leochaileacha' a shannadh do Chomhaltaí, agus íogaireachtaí dá leithéid á dtabhairt san áireamh a mhéid is indéanta déanamh amhlaidh.

Chomh maith leis sin, d'eisigh an Cathaoirleach **Treoirlíne ón gCathaoirleach Uimh: 2023/2 – Cód Iompair agus Rialacha maidir le Coinbhleacht Leasa.**

Eisítear an Treoirlíne de bhun alt 63(2) d'Acht 2015. Eisítear léi na caighdeáin iompair lena rialaítear freagrachtaí gairmiúla, eiticiúla agus dlíthiúla Chomhaltaí an Bhinse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta (dá ngairtear 'an Binse' anseo feasta). Tá na Comhaltaí mar chinnteoirí i mBinse gar-bhreithiúnach agus neamhspleách de réir na reachtaíochta, a bunaíodh de bhun alt 61 d'Acht 2015, lena gcuirtear leigheas éifeachtach ar fáil os comhair cúirte nó binse, laistigh de bhrí Airteagal 267 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh dá ngairtear 'TFEU' anseo feasta).

Forlíonann an Treoirlíne seo Acht agus Rialacháin 2015 agus ní thagann sí ina n-áit. I gcás coinbhleachta, beidh tosaíocht ag forálacha Acht 2015 nó ag Rialachán ábhartha ar an Treoirlíne seo. Ba chóir í a léamh in éineacht leis na dualgais atá leagtha amach in Acht 2015 agus i reachtaíocht, treoirlínte, cóid, beartais nó rialacha eile is infheidhme ar iompar Chomhlachtaí an Bhinse. Chomh maith leis sin, ba chóir an Cód a léamh in éineacht le haon cheanglais iompair is infheidhme a bhunaíonn comhlachtaí rialála gairmiúla ó am go ham.

Chomh maith leis sin, cuireadh tús le hobair ar líon Treoirlínte nua agus foilsíodh an chéad cheann díobh sin, ***Treoirlíne ón gCathaoirleach Uimh. 2024/1 – Treoirnóta maidir le Faisnéis faoin Tír***, i dtús na bliana 2024.

Tá na Treoirlínte ar fad ón gCathaoirleach ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhinse ag: www.protectionappeals.ie.

## 4.5 Monatóireacht a Dhéanamh ar Athbhreithniú Breithiúnach

I ndiaidh comhairle a fuarthas ón Ard-Aighne sa bhliain 2016, cinneadh gur chóir go dtarraingeodh an Binse, mar chomhlacht reachtúil neamhspleách a chuireann feidhmeanna gar-bhreithiúnacha i gcrích, na prionsabail dhlíthiúla chéanna agus a bhaineann le breitheamh Cúirte Dúiche, agus gur i ndiaidh don Bhinse a chinneadh a dhéanamh, gur functus officio atá sa Bhinse agus nach bhfuil aon pháirt aige i ndáil lena chinneadh a chosaint nó tacú leis in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina dhiaidh sin. Tá an bonn cirt atá le cinneadh de chuid an Bhinse leagtha amach sa chinneadh féin. I ndiaidh do Chomhalta den Bhinse an fheidhm a chomhlíonadh maidir le cinneadh stuama a chur ar fáil, níl aon fheidhm aige nó aici a thuilleadh, agus d'fhéadfaí a mheas go gcaithfeadh sé amhras ar neamhspleáchas an Bhinse dá bhféachfadh an Binse le seasamh lena chuid cinntí, dá ndéanfaí iad a cheistiú ina dhiaidh sin. Is ar mhaithe le leas an phobail atá feidhm leis na prionsabail seo d'fhonn muinín as na córais bhreithiúnacha agus córais choibhéiseacha a choimeád.

Is iad na cásanna aonair nach mbeadh feidhm leis na prionsabail seo ná cásanna ina líomhnaítear mala fides i leith Comhalta den Bhinse, nó cásanna ina dtugtar dúshláin nóis imeachta chórasacha in aghaidh oibríochtaí an Bhinse. I ngach cás eile, tá feidhm leis an bprionsabal go bhfuil an páirtí ar chun leasa dó a mbeidh ordú déanta ina legitimus contradictor in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh lena dtugtar dúshlán d'ordú ó chúirt níos ísle nó a comhionann. I gcúinsí an Bhinse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta, is é an tAire an páirtí a bhfuil leas aige/aici sa mholadh nó cinneadh agus dá bhrí sin, bheadh sé/sí ar an legitimus contradictor.

Mar sin féin, mar Fhreagróir i ndúshláin athbhreithnithe bhreithiúnaigh a thugtar in aghaidh ceann ar bith dá chinntí, téann an Binse i gcomhairle le hAonad Tacaíochta um Sheirbhísí Dlí na Roinne Dlí agus Cirt (LSSU), Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (CSSO) agus Oifig an Ard-Aighne (AGO) i ndáil le faisnéis ábhartha a chur ar fáil agus, i gcúinsí áirithe, tuairimí. Tá Aonad um Athbhreithniú Breithiúnach an Bhinse lonnaithe laistigh dá chóras riaracháin / rúnaíochta. Déanann sé taifead agus monatóireacht ar gach athbhreithniú breithiúnach, déanann sé breithniú ar gach cáipéis dhlíthiúil a fhaightear agus comheagraíonn sé freagraí in éineacht leis an gCathaoirleach.

Coinníonn an Binse súil ghéar ar fhorbairtí sna hUaschúirteanna maidir le hathbhreithnithe breithiúnacha a dhéantar i dtaobh a chuid cinntí. Is cuma cé acu a sheasann an Chúirt le cinneadh an Bhinse nó a chuireann sí ar neamhní é, féachann an Binse le dlí-eolaíocht na nUaschúirteanna a chur i bhfeidhm sa treoir agus oiliúint a chuireann an Binse ar a chuid Comhaltaí. Is iad na dóigheanna faoi leith a gcuireann an Binse é sin i gcrích ná:

1. Achoimrí soiléire maidir leis na léargais bharrthábhachtacha a bhain leis an dlí-eolaíocht, a dhéantar a chur i láthair go córasach in Athbhreithnithe Ráithiúla ar mhaithe le leas Chomhaltaí an Bhinse.
2. Forfheidhmiú i dTreoirlínte ón gCathaoirleach de bhun a. 63(2) i ndáil le forbairtí sa dlí um chosaint idirnáisiúnta.
3. Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar na hábhair threoracha agus oiliúna a úsáidtear i dtaca le forbairt ghairmiúil Chomhaltaí an Bhinse.
4. Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar na teimpléid chinnteoireachta atá ar fáil do Chomhaltaí an Bhinse.
5. An oiliúint a chuirtear ar fáil do Chomhaltaí an Bhinse go hinmheánach a shocrú agus a mhúnlú.
6. Cinneadh a dhéanamh maidir leis an oiliúint sheachtrach atá ábhartha do Chomhaltaí an Bhinse.
7. Ceardlanna, grúpaí plé agus seisiúin 'lón agus foghlaim' a reáchtáil maidir le ceisteanna a eascraíonn as an gcásdlí.
8. Nuashonraithe maidir le saincheisteanna deiridh áirithe ó chásdlí agus tuairimí abhcóidí.
9. Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar chaighdeán na n-ábhar iniúchta a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar chinntí Chomhaltaí an Bhinse d'fhonn ceisteanna a aithint i dtaca le feabhas leanúnach.

I rith na bliana 2020, rinne an Binse an fhaisnéis ar fad atá ar fáil dó i ndáil le dlíthíocht in aghaidh an Bhinse ó bunaíodh é ar an 31 Nollaig 2016 a chomhdhlúthú agus a chur in ord. Leanadh den tionscadal bainistithe eolais seo sa bhliain 2023 agus tríd an tionscadal, cuirtear ar chumas an Bhinse monatóireacht chórasach a dhéanamh ar dhlíthíocht ábhartha sna hUaschúirteanna chun críche caighdeán agus éifeachtúlacht a chinnteoireachta a fheabhsú tuilleadh.

Foilsíodh 'Achoimre ar bhreithiúnais ó Uaschúirteanna na hÉireann i ndáil le cinntí ón mBinse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta', ar láithreán gréasáin an Bhinse don bhliain 2023 agus is féidir iad a fháil ar ár leathanach maidir le Foilseacháin atá lonnaithe anseo: https://www.protectionappeals.ie/other-publications/.



# Achoimre Fheidhmeach ón gCláraitheoir

Is cúis áthais dom an Achoimre Fheidhmeach ón gCláraitheoir don bhliain 2023 a chur i láthair.

Bhí 851 achomharc ar feithimh ag an mBinse i dtús na bliana 2023 agus taisceadh 4,775 achomharc breise i rith na bliana 2023. Chuir an Binse críoch leis an mbliain i ndiaidh dó 1,701 achomharc a chur i gcrích, agus 3,908 achomharc san iomlán á fhágáil ar feitheamh os a chomhair i ndeireadh na bliana. Is ionann líon na n-achomharc a taisceadh leis an mBinse sa bhliain 2023 agus méadú níos mó ná 300% ar líon na n-achomharc a taisceadh sa bhliain 2022.

Tá líon na n-achomharc atá á bhfáil ag leibhéal nach bhfacthas sa Bhinse ó bunaíodh é i Nollaig na bliana 2016. Is é an líon is airde d'achomhairc a fuair an Binse ó bunaíodh é ná 2,151 sa bhliain 2018. Bhain líon ard na n-achomharc le méadú in iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a rinneadh chuig an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta agus le moltaí a rinne an Oifig.

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na héilimh shuntasacha seo ar an mBinse, rinne an Binse iarratas ar acmhainní breise chun níos mó achomhairc a chur i gcrích ar bhealach tráthúil agus éifeachtach. Méadaíodh leibhéal na foirne i riarachán an Bhinse ó thríocha is a seacht mball foirne ag deireadh na bliana 2022 go caoga is a naoi mball foirne ar an 31 Nollaig 2023. Chuaigh fiche is a cúig comhalta breise páirtaimseartha den Bhinse agus comhalta lánaimseartha isteach sa Bhinse sa bhliain 2023 ar trí sin a líonadh folúntas reatha. Táthar i mbun cainteanna le comhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt agus sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe d'fhonn na hacmhainní atá ag teastáil a chur ar fáil don Bhinse lena chuid dualgas a chur i gcrích ar bhealach éifeachtúil agus tráthúil ós rud é go bhfuil na héilimh ar a chuid seirbhísí ag méadú i gcónaí.

Is cúis áthais dom a thuairisciú gur sheol an Binse a thionscadal píolótach i mí Samhna na bliana 2023 leis na chéad achomhairc dhigiteacha gan pháipéar. Tá sé seo ag éirí as an tionscadal um iarratais gan pháipéar faoinar thug an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta. Cuirfear leis an tionscadal píolótach sa bhliain 2024 agus táthar ag súil go mbeidh líon níos mó d'achomhairc dhigiteacha ná achomhairc pháipéarbhunaithe á ndéanamh chuig an mBinse i dtreo dheireadh na bliana 2024. Beidh an-tábhacht ag baint le hachomhairc dhigiteacha i ndáil le cinntí níos éifeachtúla agus níos tráthúla a chur ar fáil d'achomharcóirí. Tá an Binse dúthrachtach faoi scrúdú a dhéanamh ar na próisis ar fad d'fhonn feabhsuithe breise a aithint agus a chur i bhfeidhm chun leas a dhéanamh d'úsáideoirí.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh thar ceann an Bhinse le Pat Murray, a d'oibrigh ina Chláraitheoir don Bhinse go dtí mí Márta na bliana 2023. Bhí ról lárnach ag Pat maidir leis an mBinse a threorú ó thráth a bhunaithe agus tríd an bpaindéim agus guímid gach rath air.

Chomh maith leis sin, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus leis an mbeirt Leas-Chathaoirleach as ucht a gcuid comhoibrithe i gcaitheamh na bliana.

Gabhaim buíochas freisin le Geraldine Kennedy agus Deirdre O'Reilly araon, a bhainistíonn na Feidhmeanna Oibríochtaí agus Feidhmeanna Corparáideacha/Rúnaíochta faoi seach, baill foirne an Bhinse ar fad, lena n-áirítear ár nOifigigh Sheirbhíse agus Comhaltaí an Bhinse ar fad as ucht a gcuid tacaíochta agus dúthrachta. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt as ucht a gcuid tacaíochta agus cúnaimh leanúnaigh agus go háirithe leis an Aonad um Rialachas Sibhialta, leis an Aonad um Acmhainní Daonna agus lenár gcomhghleacaithe a chuidíonn leis an mBinse i ndáil le seirbhísí TFC a chur ar fáil.



**George Sinclair**
**Cláraitheoir**

# 5. An Cláraitheoir agus Riarachán an Bhinse

Leagtar de chúram ar Chláraitheoir an Bhinse baill foirne agus riarachán an Bhinse a bhainistiú agus a rialú, agus feidhmeanna eile dá leithéid a d'fhéadfadh an Cathaoirleach a bhronnadh air faoi Acht 2015 a chur i gcrích. De bhun a.66(3) d'Acht 2015, is don Chathaoirleach a bheidh an Cláraitheoir freagrach i dtaca lena chuid feidhmeanna a chur i gcrích.

Chomh maith leis sin, tá freagracht ar an gCláraitheoir i dtaca le sannadh na n-achomharc a bhfuil cinneadh le déanamh ag Comhaltaí an Bhinse ina leith, ag féachaint don ghá atá lena chinntiú go bhfuil bainistiú éifeachtúil ar obair an Bhinse, agus cur i gcrích gasta fheidhmeanna an Bhinse, i gcomhréir le cothroime agus ceartas aiceanta, agus i gcomhréir le haon Treoirlínte a eisíonn an Cathaoirleach.

Is státseirbhísigh atá san fhoireann riaracháin agus ceapadh iad chuig an mBinse ón Roinn Dlí agus Cirt i gcomhréir le a.61(4) d'Acht 2015. Tá líon na mball foirne riaracháin a comhaontaíodh ina chuid de Chomhaontú Maoirseachta na Roinne Dlí agus Cirt leis an mBinse, agus b'ionann sin agus seasca ball foirne don tréimhse tuairiscithe. Chomh maith leis sin, tá Cathaoirleach an Bhinse, na Leas-Chathaoirligh agus Comhaltaí lánaimseartha an Bhinse ar conarthaí seirbhíse leis an Roinn i ndáil lena dtréimhsí ceapacháin faoi seach.

## 5.1 Líon na mBall Foirne sa Bhinse ar an 31/12/23

| LÍON NA MBALL FOIRNE IPAT 31/12/2023 | Daoine | FTE | Leibhéil Mhaoirseachta Cheadaithe |
|---|---|---|---|
| Cathaoirleach (PO) | 1 | 1 | 1 |
| Leas-Chathaoirleach (APO) | 2 | 2 | 2 |
| Comhalta Binse L/A (APO) | 3 | 3 | 4 |
| **FO-IOMLÁN** | **6** | **6** | **7** |
| Príomhoifigeach (Cláraitheoir) | 1 | 1 | 1 |
| Príomhoifigeach Cúnta | 2 | 2 | 2 |
| HEO/Oifigigh Riaracháin | 5 | 4.6 | 6 |
| OIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN | 13 | 12.4 | 12 |
| OIFIGIGH CHLÉIREACHAIS | 38 | 36.6 | 39 |
| **FO-IOMLÁN** | **59** | **56.6** | **60** |
| **IOMLÁN** | **65** | **63** | **67** |

## 5.2 Forbairt agus Oiliúint Bhaill Foirne an Bhinse

Tháinig méadú suntasach ar líon na mball foirne oibriúcháin sa bhliain 2023. Bhí méid suntasach d'fhoghlaim idir piaraí agus d'oiliúint ar an láthair oibre i gceist le baill foirne nua a ionghabháil. D'fhonn cloí le forbairt ghairmiúil leanúnach, bhain na baill foirne leas as cúrsaí arna gcur ar fáil ag One Learning maidir le scata réimsí.

Mar dhea-chleachtas, chríochnaigh na baill foirne ar fad cúrsaí maidir le GDPR agus Comhionannas & Cearta Daonna sa tSeirbhís Phoiblí arna gcur ar fáil ag an Roinn Dlí agus Cirt. Arís eile, lean baill foirne de bhreisoideachas agus chuir siad tús le breisoideachas a bhí páirtmhaoinithe ag DPENDR.

Chomh maith leis sin, tugadh cuireadh do bhaill foirne freastal agus páirt a ghlacadh i seisiúin oiliúna agus faisnéise a cuireadh ar fáil do Chomhaltaí an Bhinse d'fhonn a dtuiscint ar obair an Bhinse agus ar an bpróiseas cinnteoireachta a mhéadú.

## 5.3 Nuashonrú maidir le Nuachóiriú

Ba é an príomhchúram nuachóirithe don bhliain 2023 ná oifig gan pháipéar a chur ar fáil agus cúraimí riaracháin a chuíchóiriú, d'fhonn cuidiú leis an mBinse a ualach oibre atá ag méadú a chomhlíonadh.

Ceann de na chéad nuashonruithe maidir le nuachóiriú a cuireadh i gcrích i mbliana ab ea 'eDocs' a thabhairt isteach le haghaidh stóráil comhad néalbunaithe. Tá 'eDocs' samhaltaithe de réir láithreáin Microsoft SharePoint, agus is trí 'eDocs' a cuireadh níos mó deiseanna ar fáil dúinn chun comhaid a roinnt agus acmhainn níos mó chun comhaid a stóráil go leictreonach.

Rinneadh ár bhfoirmeacha iarratais a dhigitiú mar chomhaid PDF ineagarthóireachta a dhéanann achomharcóirí agus a n-ionadaithe dlíthiúla iad a chomhlánú ar líne agus a chur isteach trí ríomhphost. Dá réir sin, ní gá foirmeacha iarratais a phriontáil, a scríobh de láimh, agus a chur isteach tríd an bpost. I gcomhréir leis an nuashonrú seo, rinneadh roinnt boscaí isteach nua ríomhphoist chomhroinnte a thabhairt isteach agus foireann Chomhfhreagrais thiomnaithe a bhunú. Is cuid é seo ar fad d'iarracht chun cumarsáid an Bhinse le páirtithe leasmhara a fheabhsú agus eispéireas níos fearr a chur ar fáil d'úsáideoirí .

I ndeireadh mhí Mheán Fómhair, fuair an Binse an chéad achomharc gan pháipéar. Mar gheall air sin, spreagadh tionscadal darb ainm an "Tionscadal Píolótach gan Pháipéar", ar ghlac Comhaltaí comhlachaithe an Bhinse go maith leis agus a bhfuil rath air i gcónaí. Ó mhí Eanáir 2024, fuaireamar breis agus 100 achomharc gan pháipéar, agus tá sé beartaithe againn an Tionscadal Píolótach gan Pháipéar a fhorbairt do Chomhaltaí an Bhinse ar fad.

Tá an Binse dírithe ar ár gclár nuachóirithe don bhliain 2024 agus ina diaidh. Tionscadal eile atá ag luathchéim na forbartha is ea feidhmchlár na tairsí digití lena gcuirfear tairseach ar líne ar fáil d'achomharcóirí chun a n-iarratas ar achomharc a dhéanamh, aon aighneachtaí ábhartha a chur isteach, breathnú ar shonraí maidir le héisteachtaí ó bhéal más gá, agus an cinneadh faoina n-achomharc a fheiceáil. Cé go bhfuil dul chun cinn maith déanta go dtí seo, níl an Binse ach i dtús a chlaochlaithe le bheith ina áit oibre 'tús áite don digitiú' atá dírithe ar an todhchaí.

## 6. Tuarascálacha Airgeadais

Déantar an Binse a mhaoiniú trí airgead a vótáiltear sa Dáil trí Vóta d'Oifig na Roinne Dlí agus Cirt. Áirítear leis na príomhchostais a thabhaigh an Binse sa bhliain 2023 tuarastail na mball foirne, táillí ab iníoctha le Comhaltaí an Bhinse, costais ateangaireachta agus aistriúcháin agus costais TF.

| **Catagóir** | **Caiteachas in 2023** |
|---|---|
| Costais TF | €272,974.52 |
| Táillí Comhaltaí | €832,772.23 |
| Comhaltas i gComhlachtaí Gairmiúla | €7,850.00 |
| Costais Oifige agus Áitribh | €4,107.45 |
| Trealamh oifige agus soláthairtí oifige eile | €27,861.42 |
| Seirbhísí Poist agus Cumarsáide | €8,527.33 |
| Tuarastail agus Pá | €2,507,944.74 |
| Oiliúint agus Forbairt | €37,754.69 |
| Aistriúchán/Ateangaireacht | €70,052.98 |
| Taisteal | €1,523.56 |
| **Iomlán** | **€3,771,368.92** |

## 6.1 Táillí a Íocadh le Comhaltaí Páirtaimseartha an Bhinse

| **Comhalta den Bhinse** | **Táillí don bhliain 2023** |
|---|---|
| Alan Brady | €980.00 |
| Andrew Sexton | €3,900.00 |
| Brian Cusack | €25,795.00 |
| Bríd O'Flaherty | €28,180.00 |
| Christopher Hughes | €11,195.00 |
| Ciara Bannerman | €980.00 |
| Ciaran Joyce | €1,960.00 |
| Ciaran McCarthy | €3,415.00 |
| Ciaran White | €14,150.00 |
| Colin Lynch | €19,969.00 |
| Cormac Ó Dúlacháin | €10,204.00 |
| Dermot Manning | €4,875.00 |
| Elizabeth Mithrow | €25,840.00 |
| Emma Toal *(Comhalta Lánaimseartha ón 24/04/2023)* | €10,655.00 |
| Eoin Byrne | €25,900.00 |
| Evelyn Larney | €980.00 |
| Evelyn Leyden | €6,820.00 |
| Femi Daniyan | €16,795.00 |
| Finbar O'Connor | €15,110.00 |
| Fiona McMorrow | €2,920.00 |
| Folasade Bola Kuti-Olaniyi | €7,790.00 |
| Helen Murray | €980.00 |
| Joanne Williams | €17,290.00 |
| John Noonan | €122,750.00 |
| Lalita Morgan Pillay | €730.00 |
| Leonora Doyle | €34,258.00 |
| Lorraine Lally | €1,280.00 |
| Maeve Boyle | €980.00 |
| Mairead Smith | €2,685.00 |
| Majella Twomey | €32,889.23 |
| Margaret Browne | €28,165.00 |
| Mark Byrne | €42,850.00 |
| Mark William Murphy | €2,925.00 |
| Mary Forde | €19,000.00 |
| Matthew Holmes | €1,955.00 |
| Michael Kinsley | €9,520.00 |
| Michael McGrath | €54,160.00 |
| Miranda Egan Langley | €2,930.00 |

| | |
|---|---|
| Moira Shipsey | €9,505.00 |
| Nicholas Russell | €48,930.00 |
| Patricia O'Connor | €7,670.00 |
| Patricia O'Sullivan Lacy | €15,110.00 |
| Paul Kerrigan | €51,560.00 |
| Philip O'Leary | €980.00 |
| Robert Lowe | €3,170.00 |
| Sarah Kearney | €4,150.00 |
| Sharon Dillon Lyons | €21,695.00 |
| Shaun Smyth | €5,110.00 |
| Simon Brady | €122.00 |
| Siobhan Cullen | €980.00 |
| Stephen Boggs | €29,900.00 |
| Stephen Dixon | €11,200.00 |
| Zeldine O'Brien | €8,925.00 |
| **Iomlán** | **€832,772.23** |

# 7. Staitisticí na bliana 2023

## 7.1. Achoimre – Líon Cásanna an Bhinse

| **2023** | |
|---|---|
| Achomhairc a Fuarthas | 4775 |
| Cásanna a Sceidealaíodh | 2091 |
| Cinntí a Eisíodh | 1588 |
| Líon Iomlán na nAchomharc a Cuireadh i gCrích | 1701 |
| Achomhairc Bheo agus Idir Lámha ag Deireadh na Bliana | 3908 |

## 7.2 Achoimre – Cineálacha Achomharc a Fuarthas


| **Cineál an Achomhairc** | **Achomhairc a Fuarthas** |
|---|---|
| Gach Achomharc maidir le Cosaint Idirnáisiúnta | 4431 |
| Achomhairc Neamh-inghlactha | 180 |
| Achomhairc iardain | 7 |
| Achomhairc i dtaobh Rialachán Bhaile Átha Cliath III | 151 |
| Coinníollacha Glactha | 6 |
| **Móriomlán** | **4775** |

## 7.3 Gach Achomharc a Fuarthas sa bhliain 2023

| Gach Achomharc a Fuarthas sa bhliain 2023 | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Mí | Gach Achomharc maidir le Cosaint Idirnáisiúnta | | Achomhairc i dtaobh Rialachán Bhaile Átha Cliath III | Achomhairc maidir le Neamh-inghlacthacht a Fuarthas (a.21) | Achomhairc Iardain a Fuarthas (a.22) | Achomhairc maidir le Coinníollacha Glactha | Móriomlán |
| | Achomhairc CI a Brostaíodh | Achomhairc CI Shubstainteacha | | | | | |
| Eanáir | 35 | 43 | 7 | 22 | 0 | 0 | 107 |
| Feabhra | 123 | 96 | 10 | 28 | 0 | 1 | 258 |
| Márta | 197 | 183 | 11 | 14 | 0 | 1 | 406 |
| Aibreán | 157 | 145 | 13 | 9 | 0 | 0 | 324 |
| Bealtaine | 159 | 165 | 14 | 11 | 0 | 0 | 349 |
| Meitheamh | 148 | 174 | 11 | 7 | 3 | 0 | 343 |
| Iúil | 217 | 187 | 10 | 17 | 0 | 0 | 431 |
| Lúnasa | 250 | 303 | 19 | 13 | 1 | 1 | 587 |
| Meán Fómhair | 248 | 233 | 10 | 15 | 0 | 1 | 507 |
| Deireadh Fómhair | 184 | 245 | 11 | 18 | 1 | 0 | 459 |
| Samhain | 222 | 237 | 14 | 15 | 2 | 2 | 492 |
| Nollaig | 251 | 229 | 21 | 11 | 0 | 0 | 512 |
| **Iomlán** | **2191** | **2240** | **151** | **180** | **7** | **6** | **4775** |
| **Móriomlán** | **4431** | | **151** | **180** | **7** | **6** | **4775** |

## 7.4 Líon na nAchomharc atá Sceidealaithe don bhliain 2023 (Tábla agus Cairt)

| Mí | Líon na nÉisteachtaí atá Sceidealaithe |
|---|---|
| Eanáir | 172 |
| Feabhra | 123 |
| Márta | 145 |
| Aibreán | 138 |
| Bealtaine | 146 |
| Meitheamh | 112 |
| Iúil | 135 |
| Lúnasa | 186 |
| Meán Fómhair | 237 |
| Deireadh Fómhair | 234 |
| Samhain | 284 |
| Nollaig | 179 |
| **Móriomlán** | **2091** |






## 7.5 'Daoine nár tháinig i láthair' agus Tarraingtí Siar/Tarraingtí Siar Measta 2023

| 2023 | An Líon Achomharc |
|---|---|
| Daoine nár tháinig i láthair | 51 |
| Achomhairc a Tarraingíodh Siar/a Mheastar gur Tarraingíodh Siar iad | 113 |

## 7.6 Líon na gCur Siar agus na gCur ar Atráth

| 2023 | An Líon Achomharc |
|---|---|
| Achomhairc a Cuireadh ar Atráth | 12 |
| Achomhairc a Cuireadh Siar | 58 |
| Achomhairc AV a Cuireadh ar Atráth | 109 |
| Achomhairc AV a Cuireadh Siar | 696 |
| **Móriomlán** | **875** |


Toradh maidir le Cásanna Sceidealaithe ar an Láthair don bhliain 2023
Achomhairc a Cuireadh ar Atráth
6%
Achomhairc a Cuireadh Siar
26%
Achomhairc na nDaoine nár tháinig i láthair - Chun M.O.T a mholadh
5%
Achomhairc a Éisteadh
63%


Toradh maidir le Cásanna Sceidealaithe AV don bhliain 2023
Achomhairc AV a Cuireadh ar Atráth
6%
Achomhairc AV a Cuireadh Siar
38%
Achomhairc AV na nDaoine nár tháinig i láthair - Chun M.O.T a mholadh
2%
Achomhairc AV a Éisteadh
54%

## 7.7 Líon Iomlán na gCinntí a Eisíodh

| An Mhí inar Eisíodh in 2023 | Líon na gCinntí a Eisíodh |
|---|---|
| Eanáir | 125 |
| Feabhra | 142 |
| Márta | 160 |
| Aibreán | 120 |
| Bealtaine | 122 |
| Meitheamh | 98 |
| Iúil | 142 |
| Lúnasa | 115 |
| Meán Fómhair | 135 |
| Deireadh Fómhair | 135 |
| Samhain | 191 |
| Nollaig | 103 |
| **Móriomlán** | **1588** |

## 7.8 Na Cinntí ar fad a Eisíodh

| Na hAchomhairc ar fad a nDearnadh Cinneadh ina leith sa bhliain 2023 | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Mí | Gach Achomharc maidir le Cosaint Idirnáisiúnta | | Achomhairc i dtaobh Rialachán Bhaile Átha Cliath III | Achomhairc maidir le Neamh-inghlac-thacht a Fuarthas (a.21) | Achomhairc Iardain a Fuarthas (a.22) | Achomhairc maidir le Coinníollacha Glactha | Mór-iomlán |
| | Achomhairc CI a Brostaíodh | Achomhairc CI Shubstaintea-cha | | | | | |
| Eanáir | 24 | 90 | 1 | 10 | 0 | 0 | 125 |
| Feabhra | 21 | 102 | 2 | 17 | 0 | 0 | 142 |
| Márta | 31 | 93 | 0 | 33 | 1 | 2 | 160 |
| Aibreán | 35 | 62 | 2 | 21 | 0 | 0 | 120 |
| Bealtaine | 40 | 65 | 2 | 14 | 1 | 0 | 122 |
| Mei-theamh | 35 | 51 | 3 | 9 | 0 | 0 | 98 |
| Iúil | 84 | 48 | 5 | 4 | 1 | 0 | 142 |
| Lúnasa | 63 | 46 | 5 | 1 | 0 | 0 | 115 |
| Meán Fómhair | 70 | 57 | 4 | 3 | 0 | 1 | 135 |
| Deireadh Fómhair | 56 | 69 | 3 | 7 | 0 | 0 | 135 |
| Samhain | 64 | 94 | 15 | 16 | 0 | 2 | 191 |
| Nollaig | 52 | 40 | 0 | 9 | 1 | 1 | 103 |
| **Iomlán** | **575** | **817** | **42** | **144** | **4** | **6** | **1588** |
| **Móriom-lán** | **1392** | | **42** | **144** | **4** | **6** | **1588** |

## 7.9 Achoimre ar Achomhairc ar feitheamh ar an 31 Nollaig 2023

| **Cineál an Achomhairc** | **An líon atá ar feitheamh** | |
|---|---|---|
| Na hAchomhairc ar fad ar Chosaint Idirnáisiúnta | 3682* | |
| | *Achomhairc CI Shubstainteacha 1976* | *Achomhairc CI a Brostaíodh 1706* |
| Achomhairc Neamh-inghlactha | 104 | |
| Achomhairc i dtaobh Rialachán Bhaile Átha Cliath III | 115 | |
| Achomhairc iardain | 7 | |
| Achomhairc maidir le Coinníollacha Glactha | 0 | |
| **Móriomlán** | **3908** | |


## 7.10 Fad an Phróisis Achomhairc 2023

| **Amanna Próiseála Airmheánacha i Míonna** | | |
|---|---|---|
| **(I dtaca le cinntí a eisíodh in 2023 ón dáta 'Glacadh leis an Achomharc' go dtí an dáta 'Cinneadh maidir leis an Achomharc')** | | |
| **Cineál an Achomhairc** | **Airmheán** | **An Líon Achomharc** |
| Achomhairc CI Shubstainteacha | 6.2 | 817 |
| Achomhairc CI a Brostaíodh | 4.8 | 575 |
| Achomhairc iardain | 5.1 | 4 |
| Achomhairc Neamh-inghlactha | 3.1 | 144 |
| Achomhairc i dtaobh Rialachán Bhaile Átha Cliath III | 5.8 | 42 |
| **Iomlán** | **5.5** | **1582** |

| **Amanna Próiseála Airmheánacha i míonna** | | |
|---|---|---|
| **(i dtaca le hAchomhairc a Taisceadh agus a ndearnadh cinneadh ina leith in 2023 ón dáta 'Glacadh leis an Achomharc' go dtí an dáta 'Cinneadh maidir leis an Achomharc')** | | |
| **Cineál an Achomhairc** | **Airmheán** | **An Líon Achomharc** |
| Achomhairc CI Shubstainteacha | 5.7 | 354 |
| Achomhairc CI a Brostaíodh | 4.5 | 456 |
| Achomhairc iardain | 3.7 | 1 |
| Achomhairc Neamh-inghlactha | 3.5 | 82 |
| Achomhairc i dtaobh Rialachán Bhaile Átha Cliath III | 5.8 | 35 |
| **Iomlán** | **5.0** | **928** |

## 7.11 Achomhairc Shubstainteacha ar Chosaint Idirnáisiúnta ar Glacadh leo sa bhliain 2023 de réir na Tíre


### Achomhairc a fuarthas ar glacadh leo de réir na tíre tionscnaimh



## 7.12 Achomhairc ar Chosaint Idirnáisiúnta Nóis Imeachta Aonair 2023 (Toradh na nAchomharc)

| **Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta 2023** | | | |
|---|---|---|---|
| **Ceadaithe/ Curtha i leataobh – Tearmann** | **Ceadaithe/ Curtha i leataobh – Cosaint Choimhdeach (CC)** | **An Líon Iomlán a Dearbhaíodh** | **Líon Iomlán na gCinntí** |
| 389 | 34 | 969 | 1392 |
| **28%** | **2%** | **70%** | **100%** |

## 7.13 Anailís ar Chosaint Idirnáisiúnta Nóis Imeachta Aonair a Dearbhaíodh 2017 go 2023




## 7.14 Achoimre ar Chinntí i ndáil le hAchomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta de réir na Tíre Náisiúntachta – Dearbhaithe agus Curtha i Leataobh in 2023

| Náisiúntacht | Móriomlán | Ceadaithe/ Curtha i Leataobh | Diúltaithe/ Dearbhaithe | % Curtha i Leataobh de Chinntí Iomlána | % Dear-bhaithe de Chinntí Iomlána |
|---|---|---|---|---|---|
| An tSeoirsia | 436 | 65 | 371 | 15% | 85% |
| An Nigéir | 221 | 52 | 169 | 24% | 76% |
| An tSiombáib | 126 | 76 | 50 | 60% | 40% |
| An Afraic Theas | 99 | 41 | 58 | 41% | 59% |
| An Ailgéir | 97 | 15 | 82 | 15% | 85% |
| An Bhotsuáin | 43 | 15 | 28 | 35% | 65% |
| An Albáin | 43 | 8 | 35 | 19% | 81% |
| An Phacastáin | 35 | 16 | 19 | 46% | 54% |
| Poblacht Dhaonlathach an Chongó | 30 | 22 | 8 | 73% | 27% |
| An Mhaláiv | 26 | 12 | 14 | 46% | 54% |
| **Eile** | **236** | **101** | **135** | **43%** | **57%** |
| **Móriomlán** | **1392** | **423** | **969** | **30%** | **70%** |

## 7.15 Cinntí maidir le Rialachán Bhaile Átha Cliath III a Dearbhaíodh agus a Cuireadh i Leataobh in 2023

| Cineál an Achomhairc | Dearbhaithe | | Curtha i Leataobh | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gCinntí | % | Líon na gCinntí | % | Líon na gCinntí | % |
| Achomhairc i dtaobh Rialachán Bhaile Átha Cliath III | 36 | 86% | 6 | 14% | 42 | 100% |

## 7.16 Anailís ar Chinntí maidir le Rialachán Bhaile Átha Cliath 2015 go 2023




## 7.17 Cinntí maidir le Neamh-inghlacthacht a Dearbhaíodh (a.21)

| Cineál an Achomhairc | Dearbhaithe | | Curtha i Leataobh | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gCinntí | % | Líon na gCinntí | % | Líon na gCinntí | % |
| Achomhairc Neamh-inghlactha | 126 | 88% | 18 | 12% | 144 | 100% |

## 7.18 Cinntí maidir le hAchomhairc iardain a Dearbhaíodh (a.22)

| Cineál an Achomhairc | Dearbhaithe | | Curtha i Leataobh | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gCinntí | % | Líon na gCinntí | % | Líon na gCinntí | % |
| Achomhairc iardain | 4 | 100% | 0 | 0% | 4 | 100% |

An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta

*The International Protection Appeals Tribunal*